



An Garda Síochána

Cáipéis Bheartais

Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta

- Pearsanra a oibríonn i mBiúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána (an GNCCB), Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB) agus Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne (an DPSU)

Dáta Éifeachtach	24/092020
Leagan Uimh.	0.6
Faofa ag	Feidhmeannacht an Gharda Síochána
Arna thabhairt isteach ag	Treoir 044/2020 ón gCeanncheathrú
Úinéir an Bheartais	Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbairt Pearsanra

Cuspóir

Baineann an Beartas seo le comhaltaí an Gharda Síochána agus foireann an Gharda Síochána atá bainteach in imscrúdú a dhéanamh ar choireanna a bhaineann le teacht i dtír ar leanaí agus cionta gnéasacha. D'fhéadfadh idirghníomhú le hábhar drochídeach nó maslach atá foréigneach agus dúshaothraithe i dtaobh cineáil de baint leis na himscrúduithe seo. Leagtar amach sa nós imeachta tacaíochta síceolaíche don phearsanra go léir a thugann faoi na himscrúduithe siúd na meicníochtaí tacaíochta agus leasa atá ar fáil don phearsanra ábhartha.

Scóip

Baineann an Beartas seo, na nósanna imeachta agus an cháipéisíocht ghaolmhar le comhaltaí agus foireann uile an Gharda Síochána. Baineann an cháipéis seo freisin le Póilíní ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (an PSNI) a tugadh ar iasacht don Gharda Síochána i gcomhréir le hAlt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Ráiteas Beartais

Tá an Garda Síochána tiomanta do shláinte, sábháilteacht agus leas riachtanais a phearsanra a chosaint ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus cuí.

Cinntoidh an eagraíocht go mbíonn na tacaíochtaí riachtanacha go léir ar fáil don phearsanra go léir a oibríonn i mBiúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána (an GNCCB), Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB) agus Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne (an SÍD).

Is sa chomhthéacs seo go bhfuil sé ríthábhachtach go mbíonn tacaíocht riachtanach shíceolaíoch agus acmhainní leasa ar fáil don phearsanra a oibríonn sa limistéar seo ó chéim thosaigh ar aghaidh, cosúil leis an bpróiseas roghnaithe, a fhaide leis an tráth a dhéantar an pearsanra a imlonnú go dtí an Biúró / an tAonad ábhartha, an chéim sin san áireamh.

Comhlíonadh

Tá sé éigeantach go gcomhlíonann comhaltaí ábhartha an Gharda Síochána agus foireann ábhartha an Gharda Síochána an Beartas seo, Nósanna Imeachta gaolmhara agus an cháipéisíocht a ghabhann leis sa Bhiúró / Rannóga / Aonad sonraithe.

Cáipéisí Gaolmhara

1. Cáipéis Nóis Imeachta - Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta don Phearsanra go léir a oibríonn i mBiúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána (an GNCCB), Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB) agus Aonaid Seirbhísí Cosanta Roinne (an DPSU)
2. Cód Eitice

Scagadh Ceart Dlíthiúil agus Daonna

Rinneadh scagadh ar an mBeartas seo i dtaobh Cearta Daonna agus Dlíthiúla maidir leis na hoibleagáidí faoi seach a leagtar ar an nGarda Síochána don limistéar ábhair atá i gceist.

Caighdeán agus Gealltanais Eiticiúla

Caithfidh gach duine a oibríonn sa Garda Síochána aird a thabhairt ar agus cloí leis na caighdeán agus na gealltanais a leagtar amach sa [Chód Eitice](#) don Garda Síochána agus chun seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na hEagraíochta.

Athbhreithniú Beartais agus Nóis Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an mBeartas seo agus ar Nóisanna Imeachta gaolmhara agus an cháipéisíocht a ghabhann leis 12 mhí ó dháta a éifeachta agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin.

Séanadh

Ní bheartaítear go dtugtar comhairle dlí sa Bheartas seo, agus ní thugtar comhairle dlí inti ar féidir brath uirthi maidir leis an ábhar a chuimsítear anseo istigh. Níor cheart an cháipéis seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil dlí.

An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí / Treoir 2016/680/AE - an Treoir maidir le Cosaint Sonraí do Phóilíní agus Údaráis Cheartais Choiriúil

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach ar na cuspóirí a shonraítear sa bheartas seo agus laistigh de bhonn dleathach a shainítear go soiléir faoi Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an AE (an RGCS) ((AE) 2016/679) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn sonraí pearsanta á gcoimeád sábháilte agus slán. Ní bheidh teacht ar shonraí pearsanta ach ag pearsanra údaráithe amháin. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha agus ní choimeádfar níos faide iad ná mar is gá.